Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025
(OR. en)

8427/25

LIMITE

CORLX 415
CFSP/PESC 624
RELEX 506
COEST 329
FIN 453

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise |

1. An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2643 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise. Le Rialachán (AE) 2024/2642, tugtar éifeacht do Chinneadh (CBES) 2024/2643.

2. Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, cháin an Chomhairle Eorpach feachtas hibrideach na Rúise i gcoinne an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, lena n-áirítear an sabaitéireacht, suaitheadh ar an mbonneagar criticiúil, cibirionsaithe, ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis, agus a hiarrachtaí chun an bonn a bhaint den daonlathas, lena n-áirítear an próiseas toghcháin. Dhearbhaigh an Chomhairle go leanfadh sí dá n-athléimneacht a neartú agus go mbainfeadh sí leas iomlán as gach dá bhfuil ar fáil di chun gníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt.

3. An 27 Eanáir 2025, thug Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise ag éirí níos déine agus níos minice.

4. Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta breise a thabhairt isteach chun toirmeasc a chur ar idirbhearta sócmhainní inláimhsithe, cuir i gcás soithí, aerárthaí, réadmhaoin, calafoirt, aerfoirt, gnéithe fisiciúla de líonraí digiteacha agus cumarsáide, lena dtacaítear leis na gníomhaíochtaí díchobhsaithe atá á ndéanamh ag an Rúis.

5. Cuireann na bearta breise sin toirmeasc freisin ar chraoladh san Aontas ó eagraíochtaí meán atá ainmnithe go sonrach. Bunaítear an toirmeasc sin i gcomhthéacs rannpháirtíocht na Rúise i bhfeachtas córasach idirnáisiúnta ionramhála na meán agus saofa fíricí chun feabhas a chur ar a straitéis díchobhsaithe i gcoinne an Aontais agus a Bhallstát.

6. An 2 Bealtaine 2025, chuir an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle (8423/25), togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle (8425/25) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise.

7. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an dréachtchinneadh agus an dréachtrialachán ón gComhairle a chomhaontú;

– a mholadh don Chomhairle:

    – an cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise a ghlacadh, mar a leagtar amach in 8424/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

    – an rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, mar a leagtar amach in 8426/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

PUBLIC